**10_02_d.mp3**

**Bileog 10.2 (D): Tinneas agus gortuithe**
1.Tá pian i mo lámh.
2.Tá tinneas cinn orm.
3.Tá pian i mo ghlúin.
4.Tá déideadh orm./Tá tinneas fiacaile orm.
5.Tá pian i mo bholg.
6.Tá pian i mo chos.
7.Tá tinneas cluaise orm.
8.Tá pian i mo dhroim.
9.Tá mo scornach tinn.
10. Tá slaghdán orm.
11. Tá pian i mo mhuineál.
12. Tá pian i mo sciathán.

---

**10_05_b.mp3**

**Bileog 10.5 (B): Cad a tharla?**

***(Ba cheart go mbeadh gach comhrá le cloisteáil faoi dhó – i.e. comhrá 1 faoi dhó ansin, comhrá 2 faoi dhó agus mar sin ar aghaidh.)***

**Comhrá a 1:**

| | |
|---|---|
| Pól: | Dia duit a Mháire.  Cad é mar atá tú? |
| Máire: | Go breá, go raibh maith agat.  Cad é mar atá tú féin? |
| Pól: | Ó, ní mhothaím go maith inniu. |
| Máire | Cad é atá cearr leat? |
| Pól: | Bhuel, bhí mé sa teach tábhairne go dtí go a haon déag a chlog aréir agus tá tinneas cinn orm an lá ar fad. |
| Máire: | Ó is mór an trua sin.  Tóg táibléad agus téigh a luí go luath anocht! |
| Pól: | Ach tá mé féin agus Barra ag dul go dtí an phictiúrlann anocht agus tá a fhios agam ***go bhfuil sé ag súil go mór leis an scannán nua le Spielberg a fheiceáil. (fade out)*** |

**Comhrá a 2:**

| | |
|---|---|
| Síle: | Dia duit a Shéamais. Conas atá tú? |
| Séamas: | Go breá, go raibh maith agat.  An bhfuil tú féin go maith? |
| Síle: | Ó, ní bhraithim go maith. |
| Séamas: | Céard atá ort? |
| Síle: | Bhí mé ag obair ar an ríomhaire an lá ar fad inné agus tá pian i mo dhroim agus i mo mhuineál anois. |
| Séamas: | Is trua sin.  An raibh tú ag an dochtúir? |

© OÉ Má Nuad

Síle: Bhí mé istigh ag an dochtúir inné. Dúirt sé go bhfuil mé ag obair go róchrua agus gur cheart dom sos a thógáil ón obair.
Séamas: Is dócha go bhfuil an ceart agat. Ba cheart duit féin agus Diarmuid ***dul go Ciarraí don deireadh seachtaine fada agus (fade out)***

**Comhrá a 3:**
Orla: Haigh a Phádraig! Cad a tharla duit? ***(Iontas ina glór)***
Pádraig: Bhí mé ag imirt rugbaí Dé Máirt agus bhris mé mo lámh. Tá pian uafásach i mo chos fosta. Ní bheidh mé ag imirt rugbaí arís go ceann tamaill! (gáire)
Orla: A chréatúir. Is mór an trua sin. Éist, tóg go bog é agus tabhair aire duit féin.
Pádraig: Go raibh maith agat.

**Comhrá a 4:**
***Fón ag bualadh***
Niamh: Haigh a Eoin. Conas atá tú?
Eoin: Go maith, go raibh maith agat. Cad é mar atá tú féin?
Niamh: Tá mise go breá ach ar chuala tú an scéal? Bhí Síle ag imirt leadóige ar maidin agus thit sí agus ghortaigh sí a glúin. Bhí pian uafásach uirthi. Chuaigh muid go dtí an otharlann.
Eoin: Ó, an créatúr. Cad é mar atá sí anois?
Niamh: Tá sí ceart go leor. Tá sí ag mothú níos fearr anois.
Eoin: Is maith sin. Cuirfidh mé glaoch uirthi nuair a bheidh mé sa bhaile anocht.

**10_05_h.mp3**

**Gníomhaíocht 10.5 (H): Foghraíocht**

**Cuid A – ‘*m*’ leathan agus ‘*m*’ caol**

1. maith
2. muineál
3. máthair
4. mór
5. monarcha
6. múinteoir
7. Dé Máirt
8. méar
9. milseog
10. níos measa
11. meicneoir
12. measartha

**Cuid B – ‘*m*’ leathan agus ‘*m*’ caol in abairtí**

1. Ní mhothaím go maith.
2. Tá pian ina muineál.

© OÉ Má Nuad

3. Tá a máthair óg.
4. Tá sí ina cónaí in árasán mór.
5. Oibríonn sé i monarcha.
6. Is múinteoir maith í.
7. Téim ag siúl Dé Máirt.
8. Tá pian ina méar.
9. Bhí milseog agus caife againn.
10 Mothaím níos measa inniu.
11. Is meicneoir é.
13. Níl mé ach go measartha.

© OÉ Má Nuad